M.A. EYS

EUROPEAN YOUTH STUDIES

# M.A. sa Staidéar Eorpach ar an Óige (EYS)

## Taighde, Beartas agus Cleachtas a Chomhtháthú

**Ag cuidiú le réimse oscailte ardoideachais a fhorbairt san Eoraip**

Education and Culture DG
Lifelong Learning Programme

This project has been funded with support from the European Commission within the Erasmus Action of the Lifelong Learning Programme (Project number 502143-LLP-1-2009-1-AT-ERASMUS-ECDSP). This document reflects the view only of its authors, and the European Commission cannot be held responsible for any use which may be made of the information contained therein. http://www.youthstudies.eu • Contact email: welcome@youthstudies.eu
Consortium Leader: University of Innsbruck, Institute of Educational Science (Austria) • Consortium Chairperson: Univ.-Prof. Dr. Lynne Chisholm (Austria)

## Imlíne

1 Cúlra

2 Réasúnaíocht

3 Struchtúr agus Ábhair

4 Modhanna Teagaisc agus Foghlama

5 Spriocghrúpa

6 Torthaí

7 Cuibhreannas, Comhpháirtithe agus Tacaíocht

8 Ionchais

# 1 CÚLRA

# Cad as ar tháinig an smaoineamh

- Athrú ar réimse na heolaíochta sóisialta
    - Teacht chun cinn an Staidéir Eorpach ar an Óige (*European Youth Studies* - EYS) mar shainteoiric idirdhisciplíneach agus mar réimse taighde ó na 1990í i leith
    - Teacht chun cinn an phobail idirnáisiúnta taighde agus cleachtais i réimse na hóige
- Sochaí atá ag athrú
    - “Eoraip Nua” a chruthú i ndomhan atá ag domhandú
    - Cineálacha nua eolais a fhorbairt
    - Éagsúlacht agus idirchultúrachas a mhéadú
    - Todhchaí oscailte agus neamhchinnte
    - Caidreamh mionathraithe idir an tsochaí agus an t-oideachas: athrú ó bhonn agus athchumrú chomh maith le dúshláin nua a bheith i gceist leis an oideachas neamhfhoirmiúil agus le hobair don ógra
- Éilimh atá ag athrú ar eolas agus ar scileanna in earnáil na hóige
    - An gá le hiniúchtaí comparáideacha agus idirchultúrtha
    - Cáilíocht agus castacht na hoibre don ógra agus an oideachais don ógra
    - Obair ghairmiúil a thrasnaíonn teorainneacha i réimse an oideachais agus in earnáil na hóige

## A bhfuil tarlaithe go dtí seo

- Bunaíodh cuibhreannas don M.A. EYS go luath in 2006 le tacaíocht ó Chomhpháirtíocht Óige an Choimisiúin Eorpaigh/Chomhairle na hEorpa
- 2006-2009: thug na baill a gcuid ama agus a gcuid saineolais go deonach; fuarthas acmhainní le haghaidh cruinnithe cuibhreannais, obair forbartha agus tacaíocht riaracháin ó fhoinsí éagsúla:

  - Cistí taighde agus forbartha ollscoileanna comhpháirtíochta agus daoine aonair
  - Comhpháirtíocht Óige an Choimisiúin Eorpaigh/Chomhairle na hEorpa
  - Aireacht Sláinte, Teaghlaigh agus Óige na hOstaire, i gcomhar le hAireacht Eolaíochta agus Taighde na hOstaire
  - Aonad Óige Aireacht Teaghlaigh agus Lánpháirtíochta Lucsamburg

➤ Cruinnithe in Strasbourg (2006, 2007, 2008), Mikkeli (2006), Lucsamburg (2007), Innsbruck (2008), Ghent (2009)

# A bhfuil bainte amach againn

- Lár 2009: bronnadh an deontas tionscadail um Fhorbairt Curaclaim Erasmus de chuid Chlár an Aontais Eorpaigh um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (*Lifelong Learning Programme* - LLP) ar feadh dhá bhliain
  - Faoi théarmaí an deontais de chuid an Chláir um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil, cuireann ollscoileanna cuibhreannais 25% de bhuiséad an tionscadail forbartha ar fáil
  - Seacht bpacáiste oibre lena gclúdaítear forbairt curaclaim agus forbairt na timpeallachta fíorúla foghlama (VLE); measúnú inmheánach agus seachtrach; faisnéis agus craobhscaoileadh; bainistíocht
  - Seacht gcruinniú tionscadail in Innsbruck, Plovdiv, Lleida, Lucsamburg, Salerno, Thessaloniki agus Osló; chomh maith le fochruinnithe ad hoc i Lucsamburg, in Innsbruck, in Gothenburg, agus in Plovdiv
- Gearrchúrsa faoin gClár um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil lena n-áirítear seimineár cónaithe a bhí comh-urraithe ag an gComhpháirtíocht Óige go luath in 2011 i mBúdaipeist
  - Dámh fhíorúil idirnáisiúnta
  - Modhanna nuálaíochta teagaisc agus foghlama
  - Tástáil allamuigh thrialach ar mhionleagan den churaclam




*Cruinniú cuibhreannais in Osló 2011*

# Cad a dhéanfar faoi fhómhar na bliana 2011

- Nithe a bhaineann le hoideachas
  - Sonrú iomlán an churaclaim agus liostaí léitheoireachta
  - Ardán saincheaptha um Thimpeallacht Fhíorúil Foghlama (*Virtual Learning Environment* - VLE)
  - Samhail oibre na foghlama measctha idirnáisiúnta
  - Samhail chomhtháite um shoghluaisteacht mic léinn mar acmhainn foghlama
- Nithe a bhaineann le faisnéis
  - Dearadh fhéiniúlacht chorparáideach an M.A. EYS (le pailéad nithe)
  - Láithreán Gréasáin tiomanta i mBéarla le téacsanna éagsúla faisnéise
  - Póstaer; bileoigín le híoslódáil i dteangacha an chuibhreannais
  - Ríomhthuarascáil faoi imeachtaí comhdhála
- Nithe a bhaineann le cur i bhfeidhm
  - Comhchéim: doiciméid dhlíthiúla chun an curaclam agus comhoibriú a chomhaontú i dteannta plean airgeadais
  - Comhshamhail oibre maidir le hiontráil agus measúnú (ag baint úsáide as ríomh-uirlisí)
  - Treoir staidéir
  - Ríomhléitheoir
  - Beartas teanga

# 2 RÉASÚNAÍOCHT

## Prionsabail an M.A. EYS

- A bheith go láidir den tuairim go bhfuil tuiscint agus cumarsáid idirchultúrtha tábhachtach
- Tábhacht a bheith leis an taithí agus an eolas atá ag na mic léinn roimh ré agus an méid sin a aithint
- Tiomantas d’oideolaíochtaí atá dírithe ar fhoghlaimeoirí, atá gníomhach agus atá faoi stiúir an fhoghlaimeora féin
- Tuiscint ar an gcion ríthábhachtach a dhéanann daoine óga ar son thodhchaí na hEorpa
- Cuidiú le saineolas agus caighdeán a fheabhsú i réimse na hóige ar an iomlán
- Tiomantas do chur chuige oscailte maidir le cruthú, aithint agus roinnt eolais faoi réimsí sóisialta agus inniúlachtaí chun iad a athrú

➢ Eascraíonn na prionsabail sin as líonra fadbhunaithe lucht léinn atá ag teagasc agus ag déanamh taighde i réimse na hóige ar fud na hEorpa le tacaíocht ghníomhach ó na príomhghníomhaithe ar leibhéal na hEorpa

## Is éard atá sa M.A. EYS...

- ... Máistreacht Bologna iomlán sa Staidéar Eorpach ar an Óige
- ... sainoideachas iarchéime bunaithe ar thaighde
- ... cúrsa bunaithe ar fhorbairt nasc:
    - Cúrsa acadúil idirdhisciplíneach lena gcruthaítear naisc orgánacha idir teoiric agus cleachtas, idir beartas agus taighde
    - Cúrsa comhchéime comhtháite ar an leibhéal Eorpach atá trasnáisiúnta ar an gcaoi ar ceapadh, ar leagadh amach agus a soláthraítear é
    - Dámh idirnáisiúnta agus cuallacht idirnáisiúnta mic léinn, atá tiomanta do theagasc agus d'fhoghlaim idirchultúrtha agus ilteangach chomh maith le bheith ag brath ar thacar idirnáisiúnta ábhar tagartha

➤ Príomhghnéithe: trasnáisiúnta, idirchultúrtha agus idirdhisciplíneach

**Tá an M.A. EYS tábhachtach ar na cúiseanna seo a leanas...**

- ... comhlánaítear agus saibhrítear soláthar agus cáilíochtaí reatha leis an gclár
- ... is tairiscint ar leith é: níl cúrsa M.A. dá leithéid ann
- ... déanann sé pobal léinn agus cleachtais a chothú agus plé struchtúrtha a dhaingniú idir cleachtas, beartas agus taighde maidir leis an ógra agus cuireann sé le taighde a bhaineann le beartas, le ceapadh beartais bunaithe ar fhianaise agus le cleachtas eolach, machnamhach
- ... cruthaíonn tráchtais MA na mac léinn eolas nua agus tuiscint nua ar chaighdeán agus ar éagsúlacht shaol na ndaoine óga, ar a n-imthosca, ar a gcuid smaointe, ar a stíl mhaireachtála agus ar a n-ionchais

# 3 STRUCHTÚR AGUS ÁBHAIR

# Ábhair an M.A. EYS

- Daoine óga agus an Eoraip
  - Aistrithe, treoracha, dúshláin
  - Fócas agus tiomantas institiúideach
- Taighde, beartas agus cleachtas
  - Triantán atá ag éirí níos cónasctha
  - An tábhacht a bhaineann le plé struchtúrtha
- Fostaíocht agus gairm bheatha
  - Freagairt do mhargaí saothair agus do phróifílí gairme atá ag athrú
  - Taithí allamuigh a chomhroinnt
- Forbairt phearsanta-ghairmiúil
  - Cur le cáilíochtaí agus aitheantas a fheabhsú
  - Deis d’fhoghlaim bhreise, do mhachnamh agus do threonna nua

## Struchtúr Chúrsa an M.A. EYS

- Comhchéim M.A. 120 ECTS ag ar a laghad dhá ollscoil, arna forbairt ag cuibhreannas Eorpach ollscoileanna
- Ceithre sheimeastar ina bhfuil meascán de sheimineáir duine le duine, de sheimineáir ata bunaithe ar fhoghlaim fhíorúil agus de sheimineáir chónaithe
- Is mar seo a leanas atá struchtúr an churaclaim:
  - Cúig mhodúl ábhair: Réaltachtaí Óige na hEorpa agus Beartas don Óige; Taighde Eorpach ar an Óige ; Bunchlocha na Teoirice; Cumarsáid, Bainistíocht agus Ceannaireacht; Modhanna Taighde (45 ECTS)
  - Ábhair Roghnacha sa seimeastar soghluaisteachta (20 ECTS)
  - Cleachtas gairmiúil le hobair allamuigh sa seimeastar soghluaisteachta (10 ECTS)
  - Forbairt Phearsanta agus Ghairmiúil (*Personal and Professional Development* - PPD) le bheith ar siúl i rith an chúrsa (9 ECTS)
  - Sintéis: an cleachtóir machnamhach - gach uile rud a thabhairt le chéile (10 ECTS)
  - Seimineár agus Cosaint an Tráchtais M.A. (6 ECTS)
  - An Tráchtas M.A. (20 ECTS)

# Ord an Staidéir don M.A. EYS ó Sheimeastar 1-4

| **Croí-mhodúil (CM)** | **Seimeastar** | | | | **ECTS** |
|---|---|---|---|---|---|
| | **1** | **2** | **3** | **4** | |
| CM 1: Réaltachtaí Óige na hEorpa agus Beartas don Óige | ■ | | | | 9 |
| CM 2: Taighde Eorpach ar an Óige | ■ | | | | 9 |
| CM 3: Bunchlocha na Teoirice: Peirspictíochtaí Sóisialta, Cultúrtha agus Oideachasúla | ■ | | | | 9 |
| CM 4: Forbairt Phearsanta agus Ghairmiúil | ■ | ■ | ■ | ■ | 9 |
| CM 5: Cleachtas Gairmiúil (Socrúchán) | | ■ | ■ | ■ | 10 |
| CM 6: Roghnaítear na haonaid teagaisc ó chúrsaí céime M.A. atá ann cheana féin in ollscoil an tseimeastair soghluaisteachta | | ■ | | | 20 |
| CM 7: Cumarsáid, Bainistíocht agus Ceannaireacht | | | ■ | | 9 |
| CM 8: Modhanna Taighde Idirchultúrtha agus Comparáideacha | | | ■ | | 9 |
| CM 9: Sintéis Mhachnamhach | | | ■ | ■ | 10 |
| CM 10: Seimineár agus Cosaint an Tráchtais M.A. | | | ■ | ■ | 6 |
| An Tráchtas M.A. | | | ■ | ■ | 20 |
| **Iomlán na bpointí ECTS** | **30** | **30** | **30** | **30** | **120** |

# 4 MODHANNA TEAGAISC AGUS FOGHLAMA

# Foghlaim Mheasctha

- Foghlaim duine le duine agus foghlaim fhíorúil
- Oideolaíocht thraidisiúnta agus nuálach
- Soláthar bloic, cónaithe agus cianda
- Riachtanais “sa bhaile agus ar shiúl” (soghluaisteacht)
- Modúil chúrsa, chleachtais agus tráchtais



*Gearrchúrsa i mBúdaipeist 2011*

## Modhanna Teagaisc

- Foghlaim duine le duine i suíomhanna éagsúla
- Idirchultúrachas agus soghluaisteacht mar acmhainn foghlama
- Béim ar fhoghlaim faoi stiúir an duine féin atá dírithe ar phiaraí agus ar fhoghlaim neamhspleách i suíomhanna cóimheasa idir an dámh agus na mic léinn
- Teagasc do dhaoine aonair agus do ghrúpaí
- Ardán um Thimpeallacht Fhíorúil Foghlama (VLE) ar fáil do mhic léinn
- Leabharlann ar líne agus léitheoirí cúrsa

# 5 SPRIOCGHRÚPA


# Próifíl na Rannpháirtithe sa M.A. EYS

- Comhdhéanta go cothrom de ghrúpaí as réimsí éagsúla
  - Taighdeoirí ar an óige
  - Oiliúnóirí neamhfhoirmiúla don ógra agus oibrithe neamhfhoirmiúla don ógra
  - Riarthóirí rialtais agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus baill foirne seirbhísí don ógra
- Tugtar tús áite do dhaoine as réimsí éagsúla, a bhfuil taithí ilghnéitheach acu chomh maith le taithí chruthaitheach chriticiúil ar thaighde, ar bheartas agus ar chleachtas maidir leis an ógra
- Riachtanais fhoirmiúla
  - Céim B.A. nó a coibhéis
  - Taithí ábhartha ghairmiúil dhá bhliain
  - Dhá theanga lena n-áirítear Béarla (ar leibhéal iontrála: torthaí scrúdaithe ar leibhéal sonraithe)
- Is féidir le hiarratasóirí cáilithe ar fud an domhain iarratas a dhéanamh; glactar le 30 duine in aghaidh na bliana (= 60 mac léinn, sa chéad bhliain agus sa dara bliain)

# 6 TORADH

# Leasanna agus Dúshláin an M.A. EYS

- Teoiric agus cleachtas, beart agus taighde a nascadh agus a chomhtháthú
- Caighdeán na foghlama agus an teagaisc a chothú chomh maith le rochtain a thabhairt ar an gcúrsa
- Soláthar pearsanra ar ardchaighdeán a chruthú agus a chothú chun tacú agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le taighde a bhaineann le beartas, ceapadh beartais eolasbhunaithe don óige agus cleachtas atá bunaithe ar fhianaise
- Eolas agus inniúlacht a mhéadú agus a neartú le haghaidh slite beatha agus forbairt ghairmiúil ilghnéitheach i dtaighde, i mbeartas agus i gcleachtas agus ar fud na réimsí sin (= “an triantán draíochta")



## Aidhmeanna Foghlama an M.A. EYS

- Eolas agus tuiscint a fháil ar an óige, ar bheartas don óige, ar mhodheolaíochtaí taighde agus ar chomhthéacs institiúidí na hEorpa
- Scileanna bainistíochta, ceannaireachta agus foirne a fhorbairt
- Inniúlacht ar réiteach fadhbanna a fhorbairt ar mhaithe le forfheidhmiú eolasach
- Cur le hinniúlacht idirchultúrtha
- Inniúlachtaí sóisialta agus cumarsáide a fheabhsú
- Scileanna “aistriúcháin” a bhunú idir taighde, beartas agus cleachtas

## Cáilíochtaí agus Ionchais Fostaíochta na gCéimithe

- Is féidir dul ar aghaidh ó cháilíocht an M.A. EYS chun tabhairt faoi chlár gairmiúil nó acadúil Ph.D. sna heolaíochtaí sóisialta, sna daonnachtaí, nó san eolaíocht oideachasúil agus chun gabháil do ghairmeacha trasteorann agus trasréimsí in earnáil na hóige chomh maith
- Cruthaíonn an M.A. EYS an chéad ghlúin de shaineolaithe Eorpacha ar earnáil na hóige ar féidir leo bearnaí a líonadh agus bearta nuálacha a dhéanamh thar theorainneacha gairme, teanga agus náisiúnta
- Tugann an M.A. EYS deis do dhaoine teacht ar shlite beatha leathana, gairmiúla i bhforbairt acadúil, oideachasúil, shóisialta, riaracháin, bainistíochta agus acmhainní daonna, ina measc eile in eagraíochtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta, in eagraíochtaí neamhrialtasacha, i gcuideachtaí agus i gcomhthéacsanna amhail:
  - Taighdeoirí agus lucht acadúil sa staidéar óige comparáideach agus idirchultúrtha
  - Oiliúnóirí neamhfhoirmiúla don ógra ar féidir leo machnamh criticiúil a dhéanamh agus atá ag obair i gcomhthéacsanna trasnáisiúnta agus idirchultúrtha
  - Riarthóirí agus soláthraithe seirbhíse sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, ar saineolaithe iad ar ghnóthaí oideachais, oiliúna agus óige

# 7 CUIBHREANNAS, COMHPHÁIRTITHE AGUS TACAÍOCHT


# Cuibhreannas an EYS

- Ollscoil Innsbruck, Institiúid na hEolaíochta Oideachasúla (An Ostair), Comhordú
- Ollscoil Stáit Paissii Hilendarski, Plovdiv, Roinn na Socheolaíochta Feidhmí agus Institiúidí (An Bhulgáir)
- Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, Roinn an Staidéir Shóisialta Fheidhmigh (Éire)
- Ollscoil Arastatail Thessaloniki, Scoil na Síceolaíochta (An Ghréig)
- Ollscoil Lleida, Roinn na Socheolaíochta agus na Tíreolaíochta (An Chatalóin/An Spáinn)
- Ollscoil Salerno, Roinn na nEolaíochtaí Polaitiúla, Sóisialta agus Cumarsáide (An Iodáil)
- Ollscoil Lucsamburg, an Dámh Teanga agus Litríochta, Daonnachtaí, Ealaíon agus Oideachais (Lucsamburg)
- Ollscoil Osló, Roinn an Taighde Oideachasúil (An Iorua)
- Ollscoil Tampere, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus na nDaonnachtaí (An Fhionlainn)
- Ollscoil Glamorgan, Dámh an Ghnó agus na Sochaí (An Bhreatain Bheag/An Ríocht Aontaithe)

## Comhpháirteanna Comhlacha an M.A. EYS

- Ollscoil Mhálta, Roinn an Staidéir Óige agus Pobail (Málta)
- Ollscoil Trnava, an Lárionad don Staidéar ar an Óige Eorpach agus Réigiúnach (Poblacht na Slóvaice)
- Ollscoil Vársá, an Lárionad Taighde ar an Óige (An Pholainn)
- Ollscoil Ljubljana, an Lárionad don tSíceolaíocht Shóisialta (An tSlóivéin)

# Suíomh Geografach na gCuibhreannas agus na gComhpháirtithe




Foinse na léarscáile: Wikimedia Commons

# Líonraí Tacaíochta agus Comhairle an M.A. EYS

- Comhpháirtíocht Óige an Choimisiúin Eorpaigh/Chomhairle na hEorpa
- Stiúrthóireacht na hÓige agus an Spóirt, Lárionaid Óige na hEorpa
- Fóram Eorpach na nÓg
- ISA (*International Sociological Association*): Coiste Taighde ar Shocheolaíocht na hÓige (RC34)
- ESA (*European Sociological Association*): Líonra Taighde ar an Óige agus ar Ghlúine (RN30)

➤ Tá ionadaíocht acu go léir i ngrúpa ad hoc páirtithe leasmhara - bord comhairleach i dtús fáis don M.A. EYS



*Baill de chuid an Chuibhreannas ag caint leis an Ollamh Jim Côté, Uachtarán RC34 (ISA), Thessaloniki 2010*

# 8 IONCHAS

## A bhfuil de dhíth orainn ionas go dtarlóidh sé

- Na sócmhainní a táirgeadh go dtí seo a úsáid ar bhealach ciallmhar agus éifeachtach
- Foirmeacha oscailte foghlama a chruthú go leanúnach - ag obair le chéile chun réitigh nuálacha, úrnua a fhorbairt
- Am agus fuinneamh ón gcuibhreannas a infheistiú, mar atá á dhéanamh ó 2006 i leith
- Tacaíocht ó réimse na hóige i gcomhthéacs na tacaíochta atá ann cheana féin ó Choimisiún na hEorpa, ón gComhpháirtíocht Óige agus ó Chomhairle na hEorpa
- An cluiche foirmiúil a bhua ó thaobh creidiúnú a fháil do chéim ardoideachais
- Urraitheoirí breise a fháil
    - Do sparánachtaí mac léinn
    - Don Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (VLE)
    - D’ábhair nua teagaisc agus foghlama ilteangacha

*Gearrchúrsa i mBúdaipeist 2011*



**Is fiú tabhairt faoin dúshlán chun rochtain a thabhairt ar an ardoideachas san Eoraip. Dúinne ar fad.**

## Tuilleadh faisnéise

- Tabhairt cuairt ar láithreán Gréasáin an M.A. EYS: http://www.youthstudies.eu/
- Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi ardán VLE Ghearrchúrsa 2011: http://dip.youthstudies.eu/
- Féach ar fhíseán Ghearrchúrsa 2011: http://vimeo.com/20098565
- Déan teagmháil linn trí ríomhphost: welcome@youthstudies.eu
- In Éirinn, déan teagmháil le: maurice.devlin@nuim.ie